Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023
(OR. en, lv, pl, sk)

13188/23
ADD 1 REV 2

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0218(COD)**

CODEC 1631
ENER 502
CLIMA 409
CONSOM 322
TRANS 363
AGRI 525
IND 481
ENV 1009
COMPET 896

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-THREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón mBeilg**

Aithníonn an Bheilg gur gá dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus, sna hiarrachtaí atá á ndéanamh againn chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise. Tacóidh an Bheilg leis an nglacadh ach ba mhaith léi a himní a chur in iúl maidir leis na dúshláin a bhaineann leis na spriocanna méadaithe maidir le fuinneamh in-athnuaite atá sa 3ú Treoir seo maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Mar gheall ar theorainneacha déimeagrafacha agus geografacha tromchúiseacha agus ar an ábhar gurb ann do chnuasaigh tionscal dianfhuinnimh beidh sé fíordheacair na ranníocaíochtaí náisiúnta a bhfuiltear ag súil leo de réir na foirmle dá dtagraítear in Iarscríbhinn II le Rialachán (AE) 2018/1999 a bhaint amach agus tá an chuma air nach féidir iad a bhaint amach,

go háirithe i dtréimhse bheag ama dar fad 7 mbliana. Is fíor sin freisin i gcás na bhfospriocanna earnálacha ceangailteacha (maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch sa tionsclaíocht, san iompar agus le haghaidh téimh agus fuarú), nach bhfuil comhleanúnach, de réir cosúlachta, le baint amach chostéifeachtach ár spriocanna aeráide. D'ainneoin na dúshlán sin, leanfaidh an Bheilg uirthi le rannchuidithe dearfacha chun an sprioc Eorpach a bhaint amach.

## Ráiteas ó Éirinn

Is díol sásaimh d’Éirinn an comhaontú maidir leis an nuashonrú ar théacs na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus aithníonn sí gur gá a bheith uaillmhianach sna spriocanna fuinnimh in-athnuaite do 2030. Chun spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach i dtréimhse ama sách gearr, beidh gá le hiarracht nach bhfacthas a leithéid cheana ó gach duine sa tsochaí, agus tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimid gach duine linn ar an turas sin.

Is é tuairim na hÉireann gur beag an mhaise dúinn gan breithniú ar impleachtaí uile na méaduithe suntasacha ar na spriocanna fuinnimh in-athnuaite — amhail feidhmiú reatha na spriocanna eatramhacha faoi Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide.

Tá baol ann, mura ndéantar na himpleachtaí a mheas, go mbainfí an bonn den tacaíocht is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn, agus n-atreorófaí cistí poiblí ón infheistíocht is gá i gcórais fuinnimh na mBallstát, in ainneoin go ndearnadh dul chun cinn agus infheistíocht shuntasach a cheana féin agus go ngealltar cuid mhór eile a dhéanamh.

Sa téacs deiridh seo moltar sprioc 2030 maidir le fuinneamh in-athnuaite atá níos mó ná an sprioc 2030 a moladh ar dtús mar chuid den Phacáiste ‘Oiriúnach do 55’. D’fhéadfaí tionchar a bheith ag an sprioc méadaithe maidir le fuinneamh in-athnuaite agus iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith aige freisin, nach mbeadh le feiceáil go hiomlán go dtí go mbeadh na nuashonruithe ar a ndréachtphleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide curtha i gcrích ag na Ballstáit.

Foráiltear leis an Rialachán Rialachais d’athbhreithniú mar fhreagairt ar athbhreithniú domhanda ar Chomhaontú Pháras 2015. Creideann Éire gur tráthúil, agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán Rialachais, athbhreithniú a dhéanamh freisin ar fheidhmiú na spriocanna eatramhacha agus na sásraí um chomhlíonadh atá ar fáil do na Ballstáit. D’fhéadfadh an t-athbhreithniú sin a bheith bunaithe ar an anailís atá sna dréacht-Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe arna dtíolacadh ag na Ballstáit.

## **Ráiteas ón Laitvia**

Leagann Poblacht na Laitvia béim ar an tábhacht a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite chun slándáil agus neamhspleáchas fuinnimh a neartú; cobhsaíocht praghsanna a áirithiú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cuspóirí aeráide an Aontais Eorpaigh a bhaint amach.

Tacaíonn an Laitvia leis an togra le haghaidh Treoir a mhéid a bhaineann le cur chun cinn fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus go háirithe leis an gcomhaontú ar ar thángthas maidir le príomhghnéithe an togra, mar shampla spriocanna earnála, earnáil an téimh agus an bhithfhuinneamh.

Déanfaidh an Laitvia a dícheall chun na bearta uile is gá a chur chun feidhme chun úsáid an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an iompair a mhéadú, agus oibreoidh sí chun táirgeadh an leictreachais in-athnuaite a mhéadú, chun na hacmhainneachtaí is gá a chruthú chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh sa Laitvia. Mar sin féin, measann an Laitvia go bhfuil sé thar acmhainneacht na Laitvia an comhaontú maidir leis na cuspóirí agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 25 i ndáil le fuinneamh in-athnuaite, agus go háirithe úsáid hidrigine san iompar,  a chur chun feidhme agus a bhaint amach, agus staid náisiúnta na Laitvia á cur san áireamh.

Measann an Laitvia gur tábhachtach an rud é cúinsí eacnamaíochta agus sóisialta tíre, cothromaíocht fuinnimh náisiúnta agus pointí tosaigh a chur san áireamh nuair a shocraítear na riachtanais do bheartais chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn.

**Ráiteas ón bPolainn**

Tá an Pholainn ar cheann de na margaí fuinnimh in-athnuaite is sciobtha fás san Eoraip. Le blianta beaga anuas, tá fás easpónantúil tagtha ar ár n-acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite, a bhuí le tacaíocht rialtais agus rannpháirtíocht an phobail. Chun forbairt fhuinnimh ghlan a uas-scálú, chruthaíomar creat dlíthiúil cobhsaí agus chuireamar scéimeanna tacaíochta ar bun. Is díol sásaimh na gnéithe sin den togra lena simplítear agus lena gcuirtear dlús le nósanna imeachta ceadaithe, ach ní leor iad chun a chinntiú go mbainfear amach a spriocanna. Cuireann tabhairt isteach mear na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite ar an scála a moladh sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, agus leis an mborradh atá tagtha ar sciar na bhfoinsí fuinnimh a bhraitheann ar an aimsir cuirtear i mbaol cobhsaíocht na heangaí agus an tslándáil fhoriomlán fuinnimh araon. Tá béim curtha go leanúnach ag an bPolainn ar an ngá an t-aistriú fuinnimh a dhéanamh ar luas lena bhfuil an córas fuinnimh inchurtha, a bhfuil rochtain ag an sochaí air agus atá fabhrach do thionscal na hEorpa. Ní mór do na spriocanna a bheith réalaíoch agus solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit agus uirlisí cuí á roghnú acu chun na spriocanna sin a chur i bhfeidhm.

Thairis sin, i bhfianaise thionchar an dréachtrialacháin maidir le meascán fuinnimh na mBallstát agus na n-iarmhairtí sóisialta diúltacha a eascraíonn as sin, dar leis an bPolainn, gurbh é Airteagal 192(2)(c) CFAE ba cheart a bheith mar bhunús dlí leis an ngníomh beartaithe.

Dá bhrí sin, ní féidir leis an Pholainn tacú leis an Treoir athbhreithnithe atá beartaithe maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.

Athdhearbhaíonn an Pholainn freisin a seasamh diúltach maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ina iomláine, lena leagtar síos spriocanna agus uaillmhianta neamhréadúla agus lena ndéantar difear suntasach do mheascáin fuinnimh na mBallstát. Tá an Pholainn den tuairim go bhfuiltear ag plé leis an gcuid is mó den phacáiste ar bhunús dlí mícheart, agus ar an gcaoi sin go bhfuil fasach contúirteach á chruthú.

**Ráiteas ó Phoblacht na Slóvaice**

Measann an tSlóvaic go bhfuil spriocanna foriomlána an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite an-uaillmhianach agus an-deacair a bhaint amach. Maidir leis an meascán fuinnimh náisiúnta agus an fhorbairt ar an meascán sin, ní léir do Phoblacht na Slóvaice go bhfuil aon fhéidearthacht ann an uaillmhian atá aici sa réimse sin a mhéadú agus cuireann sí i bhfáth gur féidir nach gcuirtear na tosca ar fad ar an leibhéal náisiúnta san áireamh agus ranníocaíocht bhreise le spriocanna maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite á socrú i gcás ina ríomhtar í ar bhonn na foirmle neamhcheangailtí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 agus gur féidir dá bhrí sin nach léiriú í ar an bhfíoracmhainneacht forbartha foinsí inathnuaite fuinnimh sa tír.

Cé go measaimid gur deacair na spriocanna iompair agus téimh a bhaint amach agus go bhfuil baol ann nach sroichfear iad, déanfaidh Poblacht na Slóvaice gach iarracht iad a bhaint amach trí spriocanna agus bearta a shocrú ina plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide.

Tá forchoimeádas againn freisin maidir le tacú le táirgeadh hidrigine ó fhoinsí ísealcharbóin, ar bhuncheist don tSlóvaic é sin, nár tugadh aghaidh go sásúil uirthi sa Treoir.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 22a agus Airteagal 22b**

Le hAirteagal 22a den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, i gcomhar le hAirteagal 22b, spreagfar an t-athsholáthar is gá ar bhreoslaí iontaise a úsáidtear mar bhunábhar sa tionscal agus laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa i bpróisis thionsclaíocha ar deacair iad a leictriú.

I bhfianaise úrnuacht na sprice agus luathchéim an aistrithe sa mhargadh hidrigine, aithníonn an Coimisiún go mbeidh gá le hiarrachtaí tábhachtacha ó na Ballstáit agus le hinfheistíochtaí móra ó pháirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha chun an sprioc a bhaint amach, go dtí 2030 ar a laghad.

Aithníonn an Coimisiún, i gcásanna áirithe, go mbeidh costais arda oiriúnaithe le haghaidh gléasraí a bhfuil gá lena bpróisis a iarfheistiú i gceist le baint amach na sprice dá bhforáiltear in Airteagal 22a, an cúigiú fomhír, i gcomhar le hAirteagal 22b freisin. Is amhlaidh atá i gcás gléasraí táirgthe amóinia áirithe a dteastaíonn infheistíocht mhór ina leith sa phróiseas táirgthe chun úsáid na hidrigine a tháirgtear ón athfhoirmiú meatáin le gal a ionadú. Dá bhrí sin, ina mheasúnú faoi Airteagal 22a, an cúigiú fomhír, agus faoi Airteagal 22b, an chéad mhír, pointe b, ní chuirfidh an Coimisiún san áireamh, ar bhonn cás ar chás agus nuair a bheidh údar cuí leis, na gléasraí atá ann cheana agus breithniú á dhéanamh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iad a amúchadh go hiomlán agus cathain a rinneadh an cinneadh deiridh infheistíochta maidir le hiarfheistiú.

Ar bhonn níos ginearálta, aithníonn an Coimisiún go mbeidh gá le hiarrachtaí tábhachtacha ó na Ballstáit agus le hinfheistíochtaí móra ó pháirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha agus, b’fhéidir ó bhuiséid náisiúnta, chun na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir a bhaint amach, go háirithe an sprioc fhoriomlán maidir le fuinneamh in-athnuaite agus na spriocanna le haghaidh earnálacha an iompair agus an tionscail. Aithníonn an Coimisiún gur gá cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na cuspóirí sin a chur chun feidhme.

Aithníonn an Coimisiún go rannchuidíonn foinsí eile fuinnimh atá saor ó iontaisí seachas fuinneamh in-athnuaite le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 le haghaidh na mBallstát a chinneann brath ar fhoinsí fuinnimh den sórt sin.

Aithníonn an Coimisiún freisin gur cheart na spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bheith fite fuaite leis na hiarrachtaí comhlántacha dícharbónaithe atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh neamhiontaise eile chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus a gcúinsí náisiúnta sonracha agus struchtúr a soláthair fuinnimh á gcur san áireamh. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, measann an Coimisiún gur cheart úsáid fuinnimh in-athnuaite faoi chuimsiú sprioc cheangailteach fhoriomlán mhéadaithe an Aontais a chomhtháthú sna hiarrachtaí comhlántacha dícharbónaithe lena mbaineann forbairt foinsí eile fuinnimh neamhiontaise a gcinnfidh na Ballstáit iad a shaothrú.